Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2075(INI)

29.1.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

maidir le cur chun feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcreat dlíthiúil an Aontais
(2025/2075(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Alice Kuhnke

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile in iúl don Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR),

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do na tuarascálacha bliantúla ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa, dar teideal 'Maoirseacht ar fhorghníomhú bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine'[1a];
	[1a] Comhairle na hEorpa, Tuarascálacha Bliantúla ón gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa.

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989,

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint d'ionstraimí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, an Dearbhú maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga agus Moltaí Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Saincheisteanna Mionlaigh, agus do mholtaí agus tuarascálacha Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe, chomh maith le cásdlí chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine;

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ón Saineolaí Neamhspleách um chosaint ar fhoréigean agus idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach agus ar fhéiniúlacht inscne maidir le cleachtais 'teiripe tiontúcháin' mar a thugtar uirthi (A/HRC/44/53), a d'fhoilsigh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um

Chearta an Duine an 1 Bealtaine 2020,

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 11 Aibreán 2024 maidir leis an gceart chun ginmhillte a áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais[1a],
	[1a] IO C, C/2025/1279, 13.3.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202501279.

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint an 10 Samhain 1994,

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha[1a],

[1a] IO L 303, 2.12.2000, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/78/oj.

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (an Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta)[1a],
	[1a] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020R2092.

Leasú 10
Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil[1a];
	[1a] IO L 328, 6.12.2008, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/913/oj.

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)[1a],
	[1a] IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32022R2065.

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[1a],
	[1a] IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R1689.

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (Rialachán na bhForálacha Coiteanna)[1a],* *[1a] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R1060.

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	***– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán)[1a],* *[1a] IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R10*

83.

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 7 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra an Aontais um an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a bhunú[1a], go háirithe mír 20 de;
	[1a] IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 dar teideal 'Buiséad AE dinimiciúil i gcomhair thosaíochtaí na todhchaí - Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034' (COM(2025)0570),

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 12 Feabhra 2019 maidir le cur chun feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcreat institiúideach an Aontais[1a],

[1a] IO C 449, 23.12.2020, lch. 28.

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 7 Feabhra 2018 maidir le cosaint agus neamh-idirdhealú i ndáil le mionlaigh i mBallstáit an Aontais[1a],
	[1a] IO C 463, 21.12.2018, lch. 21.

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 22 Samhain 2023 maidir le tograí ó Pharlaimint na hEorpa chun na Conarthaí a leasú[1a],
	[1a] IO C, C/2024/4216, 24.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202404216.

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le liosta choireanna an Aontais a leathnú chun an

fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chuimsiú ann[1a],

[1a] IO C, C/2024/5733, 17.10.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202405733.

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 dar teideal 'Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta choireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chur san áireamh ann' (COM(2021)0777),

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 10 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 11 Iúil 2023 maidir le cur chun feidhme na gclásal 'passerelle' i gConarthaí an Aontais[1a],

[1a] IO C, C/2024/3996, 17.7.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202403996.

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030’ (COM(2021)0101),

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 11 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal ‘A Union of Equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation’ [Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach] (COM(2020)0620),

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 11 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2020 dar teideal ‘Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU’ [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711),

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint do na tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,	– ag féachaint do na tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***go háirithe tuarascáil ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2024 dar teideal 'Cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú – Tuarascáil bhliantúil 2024 maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh' (COM(2024)0456), mar aon le Timthriall Bliantúil an Smachta Reachta,***

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Márta 2025 dar teideal 'Treochlár um Chearta na mBan' (COM(2025)0097),

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint do thuarascálacha ***bliantúla*** Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha maidir le cearta bunúsacha,	– ag féachaint do thuarascálacha Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ***(FRA), go háirithe a tuarascálacha bliantúla*** maidir le cearta bunúsacha ***agus a tuarascáil an 19 Nollaig 2023 dar teideal 'Cistí an Aontais: Comhlíonadh ceart bunúsach a áirithiú'***,

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal 'EU Strategy on Combating Antisemitism and Fostering Jewish Life (2021-2030)' [Straitéis AE maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021-2030)] (COM(2021)0615) agus do na tuarascálacha ar dhul chun cinn ón gCoimisiún maidir leis an straitéis a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme,

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 13 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thuarascáil ó FRA, ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus ó Eurostat an 25 Samhain 2024 dar teideal 'EU gender-based violence survey — Key results: Experiences of women in the 27 EU Member States' [Suirbhé foréigin inscnebhunaithe san Aontas — Príomhthorthaí: eispéiris na mban i 27 mBallstát an Aontais],

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 13 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar

Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2022,

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 15 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil chomhpháirteach ón Líonra Eorpach Cur Chun Feidhme (EIN) agus ó Democracy Reporting International (DRI) dar teideal 'Justice Delayed and Justice Denied: Non-Implementation of European Courts Judgments and the Rule of Law [Moill ar an gCeartas agus Séanadh Ceartais: Neamhchur chun feidhme Bhreithiúnas na gCúirteanna Eorpacha agus an Smacht Reachta] maidir le neamhchur chun feidhme bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí i mBallstáit an Aontais[1a],
	[1a] EIN agus DRI, 'Justice Delayed and Justice Denied: Non-Implementation of European Courts Judgments and the Rule of Law' [Moill ar an gCeartas agus Séanadh an Ceartas:Neamhchur chun feidhme Bhreithiúnas na gCúirteanna Eorpacha agus an Smachta Reachta].

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 15 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2020 maidir le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, 'Minority SafePack – milliún síniú ar son na héagsúlachta san Eoraip'[1a],

[1a] IO C 445, 29.10.2021, lch. 70.

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 15 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do rún uaithi an 18 Aibreán 2023 maidir leis an gcaidreamh institiúideach idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa[1a],
	[1a] IO C, C/2023/442, 1.12.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202300442.

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chairt Eorpach Chomhairle na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, a glacadh in 1992,

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
B. de bhrí nach ndéantar ***measúnú*** sa tuarascáil sin ar gach ceart aonair ***atá*** sa Chairt ach, ina ionad sin, ***go ndéantar anailís inti ar chur*** chun feidhme na Cairte mar ionstraim de dhlí príomha an Aontais;	B. de bhrí nach ndéantar ***meastóireacht*** sa tuarascáil sin ar gach ceart aonair ***a leagtar amach*** sa Chairt, ach ina ionad sin, ***go scrúdaítear cur*** chun feidhme na Cairte mar ionstraim de dhlí príomha an Aontais;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris D a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Da. de bhrí go bhfuil cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte fíor-riachtanach chun urraim do luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE a áirithiú ar fud an Aontais, trí chaighdeáin cheangailteacha a sholáthar do chearta bunúsacha faoi réir athbhreithniú breithiúnach, trí dheimhneacht dhlíthiúil agus cuntasacht na n-údarás poiblí a fheabhsú, agus trí rochtain ar cheartas a ráthú do dhaoine aonair; de bhrí gur réamhriachtanas é an smacht reachta chun cearta bunúsacha a chosaint, agus go gcuireann bagairtí leanúnacha ar neamhspleáchas breithiúnach, ar shaoirse na meán agus ar chórais frithéillithe bac ar chur i bhfeidhm praiticiúil na Cairte;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ea. de bhrí go gcuireann easpa táscairí comhchuibhithe agus sainmhínithe comhchoiteanna ar sháruithe ar chearta bunúsacha ar fud na mBallstát bac ar chumas an Aontais measúnú a dhéanamh ar threochtaí; de bhrí go bhfuil sé fíor-riachtanach cuntasacht agus cur chun feidhme cuí na Cairte a áirithiú;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
F. de bhrí go sainítear in Airteagal 51 den Chairt raon feidhme chur i bhfeidhm na Cairte, lena n-áirítear maidir le prionsabal na coimhdeachta, agus cumhachtaí na mBallstát agus an Aontais á gcur san áireamh, agus teorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas sna Conarthaí á n-urramú;	F. de bhrí go sainítear in Airteagal 51 den Chairt raon feidhme chur i bhfeidhm na Cairte, lena n-áirítear maidir le prionsabal na coimhdeachta, agus cumhachtaí na mBallstát agus an Aontais á gcur san áireamh, agus teorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas sna Conarthaí á n-urramú***, agus an ceanglas á áireamh freisin féiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát a urramú, ar gné dhílis dá struchtúir bhunúsacha pholaitiúla agus bhunreachtúla iad, agus lena n-áirítear féinrialtas réigiúnach agus áitiúil, mar a luaitear in Airteagal 4(2) CAE***; ***de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit an Chairt a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go hiomlán sa chleachtas, ós rud é, mura ndéantar amhlaidh, nach amháin go mbaintear an bonn de chosaint na gceart bunúsach, ach go gcuirtear cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, inchreidteacht dhlíchóras an Aontais agus muinín na saoránach as institiúidí AE i mbaol freisin;***

Leasú 40
Aithris F a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fa. de bhrí go n-iarrtar le hAirteagal 51 den Chairt ar an Aontas cur chun cinn agus cur i bhfeidhm éifeachtach na gceart uile a chumhdaítear inti a áirithiú;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris G a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ga. de bhrí, i gconclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, gur iarr saoránaigh go ndéanfaí cur i bhfeidhm na Cairte a neartú chun an éifeachtacht is mó is féidir a áirithiú maidir le cosaint na gceart bunúsach ar fud an Aontais, rud a chuideodh freisin leis an léirmhíniú atá ann faoi láthair ar Airteagal 51 den Chairt a shárú;

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
H. de bhrí, de bhua Airteagal 51, nach bhfuil feidhm ag forálacha na Cairte maidir leis na Ballstáit ach amháin nuair a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme; de bhrí ***go bhfágann teorainneacha neamhchinnte ceanglais den sórt sin go bhfuil sé deacair fós a chinneadh an bhfuil feidhm ag an gCairt sa chleachtas agus conas a chuirtear i bhfeidhm í***;	H. de bhrí, de bhua Airteagal 51, nach bhfuil feidhm ag forálacha na Cairte ***go príomha maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, agus*** maidir leis na Ballstáit ach amháin nuair a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme; de bhrí ***go gcruthaíonn an infheidhmeacht theoranta sin bearnaí i gcosaint na gceart bunúsach ar an leibhéal náisiúnta, rud a fhágann nach leor raon feidhme an cheanglais maidir leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chearta bunúsacha***;

Leasú 43
]
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
I. de bhrí go bhfuil institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais faoi cheangal ag an gCairt, fiú ***nuair a ghníomhaíonn siad lasmuigh de***	I. de bhrí go bhfuil institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais faoi cheangal ag an gCairt, fiú ***agus cistí AE á leithdháileadh agus á gcur***

chreat dlíthiúil an Aontais;	***chun feidhme acu***;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ia. de bhrí, de réir thuarascáil bhliantúil 2024 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, nach sroicheann cistiú leordhóthanach príomhghníomhaithe i gcearta bunúsacha; de bhrí go n-áirítear ar na dúshláin deacrachtaí a bhaineann le faisnéis a fháil maidir leis an gcistiú atá ar fáil, infhaighteacht an chistithe do ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach maidir le cearta bunúsacha, agus tionchar na gciorruithe cistiúcháin i gcásanna ina gcuireann na ciorruithe sin srian ar chumas na sochaí sibhialta agus na gcomhlachtaí um chearta bunúsacha rannchuidiú le dioscúrsa oscailte daonlathach;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ib. de bhrí gur colúin bhunriachtanacha den daonlathas iad sochaí shibhialta bhríomhar agus spás sibhialta gníomhach, ar nithe iad lena rannchuidítear le trédhearcacht, cuntasacht agus cur chun cinn agus cosaint luachanna an Aontais mar a leagtar síos in Airteagal 2 CAE, chomh maith le tacaíocht dhlíthiúil agus shóisialta a sholáthar do dhaoine aonair, go háirithe dóibh siúd ó ghrúpaí imeallaithe; de bhrí go bhfuil an spás sibhialta á laghdú ar fud an Aontais,

	bíodh sé do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, do chosantóirí chearta an duine, d'iriseoirí nó do ghníomhaithe a bhfuil brú airgeadais agus polaitiúil méadaitheach agus díréireach orthu, rud a bhaineann an bonn de chur chun feidhme na Cairte; de bhrí go bhfuil cistiú fadtéarmach intuartha, leormhaith agus inbhuanaithe an Aontais don tsochaí shibhialta ríthábhachtach chun go mbeidh rath uirthi agus chun a ról faire a chomhlíonadh, agus chun athléimneacht shochaíoch agus freagairtí uile-shochaí ar ghéarchéimeanna a neartú; de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) freisin maidir leis an gCairt a chaomhnú agus maidir le seirbhísí sóisialta a sholáthar, go háirithe do phobail imeallaithe;

Leasú 46
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris J

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
J. de bhrí, i dtimpeallacht rialála atá ag éirí níos casta, gur cheart cur i bhfeidhm na Cairte a ailíniú go réamhghníomhach le tosaíochtaí an Aontais atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear tosaíochtaí comhshaoil ***agus*** tosaíochtaí a bhaineann leis an aeráid;	J. de bhrí, i dtimpeallacht rialála atá ag éirí níos casta, gur cheart cur i bhfeidhm na Cairte a ailíniú go réamhghníomhach le tosaíochtaí an Aontais atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear tosaíochtaí comhshaoil***,*** tosaíochtaí a bhaineann leis an aeráid ***, tosaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus digiteacha***; ***de bhrí gur cheart don Choimisiún, don Chomhairle agus don Pharlaimint úsáid chórasach a bhaint as na sonraí a tháirgeann FRA i gceapadh beartas;***

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
K. de bhrí gur luach bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas agus gur ceart bunúsach é a chumhdaítear sa Chairt, in CAE agus in CFAE; de bhrí go bhfuil bearta idirdhealaitheacha fós ann ar fud an Aontais;	K. de bhrí gur luach bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas agus gur ceart bunúsach é a chumhdaítear sa Chairt, in CAE agus in CFAE; de bhrí go bhfuil bearta idirdhealaitheacha fós ann ar fud an Aontais ***agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar an staid sin***;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ka. de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach idirdhealú a chosc agus a chomhrac chun comhionannas agus teachtadh éifeachtach na gceart bunúsach a choimirciú; de bhrí go bhfuil an frithsheimíteachas fós ann san Aontas agus gur ghéaraigh sé go mór le blianta beaga anuas, rud a léiríonn an géarghá atá le bearta éifeachtacha coisctheacha, cosanta agus ionchúisimh;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Kb. de bhrí go bhfuil gá le cur chuige trasnach chun an Chairt a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-aithnítear go bhféadfadh sé go mbeadh ar dhaoine aonair dul i ngleic le hidirdhealú dúbailte nó ilfhorais idirdhealaithe mar gheall ar a n-inscne, a gcine, a n-eitneacht, a míchumas, a n-aois, a ngnéaschlaonadh nó a gcúlra imirce;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Kc. de bhrí go dtoirmisctear le hAirteagal 21 den Chairt idirdhealú, lena n-áirítear idirdhealú ar fhoras ballraíochta i mionlach náisiúnta;

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Kd. de bhrí go bhfuil teangacha ina gcuid lárnach den fhéiniúlacht Eorpach agus is iad an tslí is dírí chun cultúr a chur in iúl; de bhrí gur bunluachanna de chuid an Aontais í an urraim don éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga, mar a leagtar síos in Airteagal 22 den Chairt;

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ke. de bhrí nach bhfuil an leibhéal céanna ceart ag daoine faoi mhíchumas maidir leis an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ná maidir leis an gceart chun teaghlach a bhunú; de bhrí go bhfuil steiriliú éigeantais daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear mionaoisigh, san Aontas fós incheadaithe ó thaobh an dlí de i roinnt Ballstát; de bhrí go bhfuil bacainní fós roimh dhaoine faoi mhíchumas ar rannpháirtíocht pholaitiúil, lena n-áirítear vótáil, agus go gcuirtear bac ar a gceart dul i mbun oifig

	pholaitiúil i roinnt Ballstát;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris L a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	La. de bhrí, de réir Eorabharaiméadar Speisialta 2019 maidir le feasacht ar an gCairt, nár dhearbhaigh ach 42 % de na freagróirí gur chuala siad faoin gCairt, agus ina measc nach raibh a fhios ach ag 12 % cad a bhí inti, agus nár chuala tromlach (57 %) fúithi riamh; de bhrí gur bhraith níos lú ná saoránach amháin as gach cúigear (16 %) go raibh siad ar an eolas go maith faoin gCairt;

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris N

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
N. de bhrí go ***leagtar béim*** in Airteagal 14 den Chairt ***ar an gceart atá*** ag gach leanbh ***chun saoroideachais***;	N. de bhrí go ***luaitear*** in Airteagal 14 den Chairt ***go bhfuil an ceart chun oideachais*** ag gach leanbh ***agus go n-áirítear leis an gceart sin an fhéidearthacht oideachas éigeantach saor in aisce a fháil***; ***de bhrí gur bacainní suntasacha iad leithscaradh, idirdhealú agus bochtaineacht do leanaí imeallaithe, go háirithe leanaí Romacha, chun rochtain a fháil ar oideachas ar ardchaighdeán;***

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris O

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
O. de bhrí go bhfuil bearnaí dlíthiúla leanúnacha agus bacainní ar aitheantas dlíthiúil inscne, agus cleachtais ***tiontaithe*** a bheith ann, ar neamhréir leis an gCairt; de bhrí nach mór do na Ballstáit uile, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, aitheantas dlíthiúil ar fhéiniúlacht inscne agus cosaint ar chleachtais a bhaineann an bonn de dhínit nó de chearta bunúsacha daoine LADTIA+ a ráthú;	O. de bhrí go bhfuil bearnaí agus bacainní dlíthiúla leanúnacha ar aitheantas dlíthiúil inscne, agus cleachtais ***tiontúcháin*** a bheith ann, ***eadhon, cleachtais atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne duine a athrú nó a chur faoi chois,*** ar neamhréir leis an gCairt; de bhrí nach mór do na Ballstáit uile, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ***agus leis an gcásdlí***, aitheantas dlíthiúil ar fhéiniúlacht inscne agus cosaint ar chleachtais a bhaineann an bonn de dhínit nó de chearta bunúsacha daoine LADTIA+ a ráthú***, agus bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun urraim do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a ráthú***;

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris O a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Oa. de bhrí go gcuirtear i bhfios go láidir in Airteagal 22 den Chairt nach mór don Aontas éagsúlacht teanga a urramú; de bhrí nach mór cearta bunúsacha mionlach teanga a choimirciú freisin agus an Chairt á cur chun feidhme;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris O b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ob. de bhrí go sáraíonn na cleachtais phaiteolaíochta i gcoinne daoine idirghnéasacha, neamhdhénártha agus

	trasinscneacha san Aontas cearta bunúsacha;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris P

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
P. de bhrí go sáraíonn an fhuathchoireacht agus an fhuathchaint cearta bunúsacha agus nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach i ndlí an Aontais; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach liosta choireanna an Aontais faoi Airteagal 83(1) CFAE a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chumhdach, mar aon le gníomh reachtach de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin, lena n-áirítear ar fhorais féiniúlachta inscne **agus** gnéaschlaonta;	P. de bhrí go sáraíonn an fhuathchoireacht agus an fhuathchaint cearta bunúsacha agus nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach i ndlí an Aontais; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach liosta choireanna an Aontais faoi Airteagal 83(1) CFAE a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chumhdach, mar aon le gníomh reachtach de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin, lena n-áirítear ar fhorais féiniúlachta inscne***, léirithe inscne,*** gnéaschlaonta ***agus saintréithe gnéis***; ***de bhrí go bhfuil sé fíor-riachtanach cosaint daoine atá i mbaol íospartha fuathspreagtha a neartú, lena n-áirítear daoine ar de mhionlaigh thraidisiúnta náisiúnta nó teanga iad;***

Leasú 59
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris P a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Pa. de bhrí nach dtuairiscíonn go leor íospartaigh idirdhealaithe, coireanna fuatha agus sáruithe ar chearta na teagmhais sin, rud a fhágann go ndéantar gannmheastachán leanúnach ar sháruithe ar chearta bunúsacha;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Q

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
Q. de bhrí nach ndearnadh acmhainneacht na gceart sóisialta agus eacnamaíoch a leagtar amach sa Chairt a ghiaráil go leormhaith go dtí seo; de bhrí nach amháin ***gur riachtanas eiticiúil agus oibleagáid dhlíthiúil é*** urraim do ***chearta sóisialta, ach gur riachtanas*** eacnamaíoch ***é freisin***;	Q. de bhrí nach ndearnadh acmhainneacht na gceart sóisialta agus eacnamaíoch a leagtar amach sa Chairt a ghiaráil go leormhaith go dtí seo; de bhrí nach amháin ***go rannchuidíonn*** urraim do ***na cearta sin le cuimsiú sóisialta agus deimhneacht dhlíthiúil, ach gur féidir leis fás*** eacnamaíoch ***inbhuanaithe agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chothú freisin***; ***de bhrí go bhfuil géarchéim an chostais maireachtála, lena ndéantar difear go háirithe do thithíocht, d'fhuinneamh agus do bhia, ag cur bac ar theachtadh éifeachtach na gceart sin agus ar rannpháirtíocht chomhionann na saoránach sa saol poiblí;***

Leasú 61
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris R

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
R. de bhrí go gcuirtear i dtábhacht in Airteagal 6 CAE **freisin nach mór** cearta bunúsacha, mar a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ***a bheith*** ina bprionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais;	R. de bhrí go gcuirtear i dtábhacht in Airteagal 6 CAE **go bhfuil** cearta bunúsacha, mar a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ina bprionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais;

Leasú 62
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris T

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
T. de bhrí gur **beag aird atá á tabhairt ar na cearta sóisialta a leagtar amach sa Chairt i rialachas** eacnamaíoch an Aontais; ***de bhrí nach mór iad a mheas mar chearta bunúsacha***;	T. de bhrí gur ***cheart creat rialachais*** eacnamaíoch an Aontais ***a chur chun feidhme ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gCairt, lena n-áirítear na forálacha sóisialta atá inti, i gcás inarb infheidhme***;

Leasú 63
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris V a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Va. de bhrí go leagtar síos in Airteagal 10 CFAE 'is é is aidhm don Aontas gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach';

Leasú 64
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris V b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Vb. de bhrí go ndearnadh foréigean fisiciúil nó bagairtí agus/nó foréigean gnéasach ar bhean amháin as gach triúr san Aontas (30.7 %) le linn a saoil[1a];
	[1a] FRA, EIGE agus Eurostat, 'EU gender-based violence survey — Key results: Experiences of women in the 27 EU Member States' [Suirbhé foréigin inscnebhunaithe san Aontas — Príomhthorthaí: eispéiris na mban i 27 mBallstát an Aontais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024.

Leasú 65
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris W

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
W. de bhrí gur atoradh é trédhearcacht phróisis reachtacha agus chinnteoireachta an Aontais ar an gceart chun dea-riaracháin, mar a leagtar amach in Airteagal 41 den Chairt, agus gur réamhchoinníoll bunriachtanach é chun go	W. de bhrí gur atoradh é trédhearcacht phróisis reachtacha agus chinnteoireachta an Aontais ar an gceart chun dea-riaracháin, mar a leagtar amach in Airteagal 41 den Chairt, agus gur réamhchoinníoll bunriachtanach é chun go

mbeidh saoránaigh in ann measúnú agus faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme na Cairte ag institiúidí an Aontais;	mbeidh saoránaigh in ann measúnú agus faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme na Cairte ag institiúidí an Aontais; ***de bhrí, de réir Eorabharaiméadar mhí na Samhna 2025, go measann ceathrar as gach deichniúr saoránach Eorpach go mbeadh trédhearcacht agus rochtain níos fearr ar fhaisnéis maidir le bealaí chun páirt a ghlacadh i gceapadh beartas ina spreagadh don chuid is mó de shaoránaigh chun páirt dhíreach a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta an Aontais;***

Leasú 66
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris X

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
X. de bhrí go bhfeidhmíonn an Chairt mar uirlis ríthábhachtach chun cearta bunúsacha a choimirciú i réimsí beartais nua agus i réimsí beartais atá ag teacht chun cinn***, amhail an intleacht shaorga***;	X. de bhrí go bhfeidhmíonn an Chairt mar uirlis ríthábhachtach chun cearta bunúsacha a choimirciú i réimsí beartais nua agus i réimsí beartais atá ag teacht chun cinn;

Leasú 67
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris X a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Xa. de bhrí gur féidir leis an réimse digiteach agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga, difear a dhéanamh do chearta bunúsacha mura n-áirithítear coimircí leormhaithe;

Leasú 68
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Y a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ya. de bhrí gur cearta bunúsacha iad

	an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chumhdaítear sa Chairt agus gur colúin bhunriachtanacha den daonlathas iad agus nach mór iad a urramú agus a choimirciú go hiomlán ar fud an Aontais;

Leasú 69
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Y b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	b. de bhrí gur cearta bunúsacha iad an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a chumhdaítear sa Chairt agus gur colúin bhunriachtanacha den daonlathas iad agus nach mór iad a urramú agus a choimirciú go hiomlán ar fud an Aontais;

Leasú 70
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
Z. de bhrí go bhfuil conclúidí leagtha amach ag ***an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (***FRA***)*** i gcomhréir lena ***sainordú*** chun an Chairt a chur chun feidhme go héifeachtach[5] ,[6] ,[7] ;	Z. de bhrí go bhfuil conclúidí leagtha amach ag FRA i gcomhréir lena ***shainordú*** chun an Chairt a chur chun feidhme go héifeachtach[5] ,[6] ,[7] ; ***de bhrí go imríonn FRA ról ríthábhachtach maidir le faireachán a dhéanamh ar staid na gceart bunúsach san Aontas agus i gcomhlíonadh na Cairte ag na Ballstáit, chomh maith le tacú le lucht ceaptha beartas chun a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha agus go gcuirfear chun cinn iad i reachtaíocht agus i mbeartas an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; de bhrí gur cheart dul i gcomhairle go rialta le FRA maidir le dréacht-téacsanna reachtacha lena n-ardaítear saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis na cearta a chumhdaítear sa Chairt, lena n-áirítear tograí ón gCoimisiún nó seasaimh arna***

	nglacadh ag na hinstitiúidí le linn nósanna imeachta reachtacha; de bhrí go bhfuil ról FRA ríthábhachtach, go háirithe i gcomhthéacs cúlú daonlathach atá á thabhairt faoi deara i roinnt Ballstát; de bhrí gur gá acmhainní breise daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar FRA chun tionscadail nua arna sainaithint ag an nGníomhaireacht a chur chun feidhme tar éis a próisis comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, chomh maith lena hacmhainneacht a mhéadú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gceart bunúsach agus ar sháruithe orthu;
[5] Tuairim 1/2017 FRA, an 10 Aibreán 2017.	[5] Tuairim 1/2017 FRA, an 10 Aibreán 2017.
[6] Tuairim 4/2018 FRA, an 24 Meán Fómhair 2018.	[6] Tuairim 4/2018 FRA, an 24 Meán Fómhair 2018.
[7] Fócas FRA, an 11 Meitheamh 2020.	[7] Fócas FRA, an 11 Meitheamh 2020.

Leasú 71

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Za. de bhrí go bhfuil éagsúlacht sa leibhéal eolais ar an gCairt i measc na mBallstát; de bhrí go bhfuil easpa saineolais fós ann maidir le cearta bunúsacha agus eolas teoranta ar shásraí gearán ar an leibhéal náisiúnta; de bhrí go bhfuil tionchar aige sin ar léirmhíniú agus ar chur chun feidhme na Cairte;

Leasú 72
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Zb (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Zb. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag FRA maidir le sáruithe

	ar chearta bunúsacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chosc trí fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte agus an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus an dlí idirnáisiúnta ag údaráis nó comhlachtaí poiblí a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha agus rialú teorann;

Leasú 73

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Zc. de bhrí go bhfuil difríochtaí ann maidir le húsáid agus tuiscint na Cairte i gcúirteanna na mBallstát; de bhrí gur cheart breithiúna a íogrú maidir le húsáid dhlí an Aontais agus na Cairte in imeachtaí náisiúnta;

Leasú 74
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Zd. de bhrí, de réir na tuarascála comhpháirtí ó EIN agus ó DRI maidir le neamhchur chun feidhme bhreithiúnais na cúirte Eorpaí i dtíortha an Aontais, go léirítear i dtaifid na mBallstát maidir le comhlíonadh rialuithe CBAE agus ECtHR saincheisteanna coiteanna ar údar imní iad, lena n-áirítear saincheisteanna maidir le neamhspleáchas breithiúnach agus ionchúisimh agus cur chun feidhme rialuithe a bhaineann le ESSanna agus grúpaí leochaileacha éagsúla, amhail pobail LADTIA+, iarrthóirí tearmainn agus pobail Romacha[1a];

[1a] EIN agus DRI, '<u>Justice Delayed and Justice Denied: Report on the Non-Implementation of European Judgments and the Rule of Law' [Moill ar an gCeartas agus Séanadh Ceartais:Neamhchur chun feidhme Breithiúnas Eorpach agus an Smachta Reachta]</u>.

Leasú 75
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Ze. de bhrí, bíodh sé ar bhonn na Cairte féin nó ar bhonn chearta an duine mar chuid den dlí idirnáisiúnta, go bhfuil comhaontú ginearálta ann nach mór don Aontas cearta bunúsacha a chur san áireamh agus é ag gníomhú i réimse na mbeartas seachtrach[1a];
	[1a] Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa dar teideal '<u>The Implementation of the Charter of Fundamental Rights in the EU institutional framework' [Cur Chun Feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha i gcreat institiúideach an Aontais]</u>, mí na Samhna 2025.

Leasú 76
Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Zf. de bhrí go bhfuil géarghá le sásra éigeandála AE a chruthú chun eagraíochtaí agus cosantóirí chearta an duine atá faoi bhrú a chosaint;

Leasú 77

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Z g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Zg. de bhrí go bhfuil srianta, feachtais chlúmhillte agus coiriúlú na sochaí sibhialta ag dul i méid agus gur ábhar imní é sin; de bhrí gur cheart ceanglais tuairiscithe a leanúint de bheith riachtanach agus comhréireach leis na haidhmeanna atá á saothrú; de bhrí nach bhfuil aon áit i sochaí dhaonlathach ag srianta nó ionsaithe dlíthiúla nó airgeadais, amhail coiriúlú cúnaimh dhaonnúil, úsáid cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí nó teicneolaíochtaí spiaireachta, agus úsáid iomarcach fornirt ag údaráis forfheidhmithe an dlí i mBallstáit áirithe — rud a bhaineann an bonn den tsaoirse comhlachais, den tsaoirse comhthionóil, agus den tsaoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil;

Leasú 78

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. ag athdhearbhú na Cairte mar chuid lárnach, cheangailteach de dhlí an Aontais a bhfuil an stádas dlí céanna aici agus atá ag na Conarthaí; á athdhearbhú go bhfuil oibleagáid ann a áirithiú go ndéanfar ***dínit an duine, an tsaoirse, an comhionannas agus an dlúthpháirtíocht*** a urramú agus a chosaint go comhsheasmhach ar fud an Aontais; á chur i bhfáth gur oibleagáid dhlíthiúil é sin atá bunriachtanach freisin chun dlisteanacht agus inchreidteacht an Aontais a chaomhnú; ag iarraidh ar chomhlachtaí an Aontais agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar an Chairt i gcomhréir le breithiúnais CBAE; á mheabhrú gur féidir le daoine aonair caingean dlí a thabhairt i leith sáruithe ar	1. ag athdhearbhú na Cairte mar chuid lárnach, cheangailteach de dhlí an Aontais a bhfuil an stádas dlí céanna aici agus atá ag na Conarthaí; á athdhearbhú go bhfuil oibleagáid ann a áirithiú go ndéanfar ***luachanna an Aontais, mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt iad,*** a urramú agus a chosaint go comhsheasmhach ar fud an Aontais; á chur i bhfáth gur oibleagáid dhlíthiúil é sin atá bunriachtanach freisin chun dlisteanacht agus inchreidteacht an Aontais a chaomhnú; ag iarraidh ar chomhlachtaí an Aontais agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar an Chairt i gcomhréir le breithiúnais CBAE; á mheabhrú gur féidir le daoine aonair caingean dlí a thabhairt i

chearta bunúsacha;	leith sáruithe ar chearta bunúsacha;

Leasú 79

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á chur i bhfáth ***go n-éilíonn athruithe*** tapa teicneolaíocha***, comhshaoil, aeráide*** agus sochaíocha ***cur chuige réamhghníomhach chun cearta bunúsacha a choimirciú***; á aithint gur treoirphlean ríthábhachtach í an Chairt chun a áirithiú go n-urramóidh réimsí beartais ríthábhachtacha agus atá ag teacht chun cinn***, amhail an comhshaol, an aeráid agus an intleacht shaorga,*** cearta bunúsacha, lena n-áirítear dínit an duine, ***comhionannas***, ***an ceart*** chun príobháideachais, ***agus neamh-idirdhealú***;	2. á chur i bhfáth ***gur cheart glacadh le forbairtí*** tapa teicneolaíocha agus sochaíocha ***mar spreagadh do dheiseanna agus do dhul chun cinn, agus comhlíonadh iomlán na Cairte á áirithiú ag an am céanna***; á aithint gur treoirphlean ríthábhachtach í an Chairt chun a áirithiú go n-urramóidh réimsí beartais ríthábhachtacha agus atá ag teacht chun cinn cearta bunúsacha, lena n-áirítear ***na cearta*** chun dínit an duine, ***chun comhionannais***, chun príobháideachais, ***chun neamh-idirdhealaithe agus chun chosaint an chomhshaoil***;

Leasú 80

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2a. á chur i bhfios go láidir, maidir leis an urraim don smacht reachta, mar cheann de bhunluachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus mar cholún bunúsach de shochaí dhaonlathach lena n-áirithítear urraim do phrionsabail na dlíthiúlachta, na deimhneachta dlíthiúla, an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin agus na cosanta éifeachtaí breithiúnaí, lena n-áirítear rochtain ar cheartas, ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta, a mhéid a bhaineann freisin le cearta bunúsacha, scaradh na gcumhachtaí, agus neamh-idirdhealú agus comhionannas os comhair an dlí, go

bhfuil dlúthbhaint ag an urraim sin don smacht reachta leis an urraim don Chairt;

Leasú 81

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh ón gCoimisiún chun an Chairt agus an t-athbhreithniú meántéarma ar an straitéis a chur chun cinn chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú[8] ;	3. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh ón gCoimisiún chun an Chairt agus an t-athbhreithniú meántéarma ar an straitéis a chur chun cinn chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú[8]; ***á mheabhrú go bhfuil an Coimisiún tiomanta d'athbhreithniú iomlán a dhéanamh, faoi 2030, i gcomhar leis na príomhghníomhaithe atá freagrach as an gCairt a fhorfheidhmiú; á iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm na Cairte a neartú agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le feasacht uirthi agus maidir lena húsáid agus lena cur i bhfeidhm praiticiúil;***
[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2020 dar teideal 'Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU' [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711).	8 Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2020 dar teideal 'Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU' [Straitéis chun cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a neartú san Aontas] (COM(2020)0711).

Leasú 82

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3a. ag iarraidh ar an gCoimisiún na tuarascálacha bliantúla maidir le cur i bhfeidhm na Cairte a neartú trí fhorléargas a thabhairt ar a cur i

	bhfeidhm ar fud an Aontais, ar an gcaoi ar féidir í a neartú, lena n-áirítear measúnú cuimsitheach ar gach foráil den Chairt, chomh maith le moltaí do na Ballstáit;

Leasú 83

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. á mheabhrú go gceanglaítear ar an Aontas agus ar a Bhallstáit gníomhú i gcomhréir leis an gCairt, cearta bunúsacha a ráthú do gach duine aonair, a áirithiú go gcuirfear chun cinn iad ar fud an Aontais, agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí reachtacha atá ann cheana; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcomhlíonfaidh beartais uile an Aontais an Chairt;	4. á mheabhrú go gceanglaítear ar an Aontas agus ar a Bhallstáit gníomhú i gcomhréir leis an gCairt, cearta bunúsacha a ráthú do gach duine aonair, a áirithiú go gcuirfear chun cinn iad ar fud an Aontais ***agus níos faide i gcéin***, agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí reachtacha atá ann cheana; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcomhlíonfaidh beartais uile an Aontais***, lena n-áirítear beartas seachtrach an Aontais,*** an Chairt;

Leasú 84

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
5. á thabhairt chun suntais gur gá cearta íospartach a choimirciú go héifeachtach chun an Chairt a chur chun feidhme go hiomlán; á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach ***chun forálacha a thabhairt isteach lena ráthaítear*** cearta íospartach ***athbhreithniú*** a dhéanamh ar chinntí in imeachtaí coiriúla, rochtain ar chúiteamh cothrom, agus seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha;	5. á thabhairt chun suntais gur gá cearta íospartach a choimirciú go héifeachtach chun an Chairt a chur chun feidhme go hiomlán; ***ag cur béim ar an bhfíoras nach mór rochtain a bheith ag gach íospartach ar cheartas agus ar thacaíocht leormhaith; á thabhairt dá haire go bhfuil bearnaí fós i reachtaíocht an Aontais;*** á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú ***atá beartaithe*** ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach[9]***a bhfuil sé mar aidhm léi*** cearta íospartach***, amhail an t-athbhreithniú*** a dhéanamh ar chinntí in imeachtaí coiriúla, rochtain ar chúiteamh cothrom, agus seirbhísí tacaíochta

	cuimsitheacha; ***á iarraidh go dtabharfaí an chaibidlíocht chun críche go pras agus go mbeadh toradh uaillmhianach ann le cosaint fheabhsaithe ar chearta íospartach;***
[9] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj).	[9] Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj).

Leasú 85

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. á mheabhrú gur gá rochtain ar cheartas a neartú d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe agus an fhoréigin teaghlaigh, agus reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta amhail sainmhínithe dlíthiúla ar éigniú bunaithe ar an easpa toilithe mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún Iostanbúl, ciorrú ball giniúna ban, agus foréigean inscnebhunaithe ar líne;	6. á mheabhrú gur gá rochtain ar cheartas a neartú d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe agus an fhoréigin teaghlaigh***, go háirithe cineálacha sonracha foréigin, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus éigniú,*** agus reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta amhail sainmhínithe dlíthiúla ar éigniú bunaithe ar an easpa toilithe mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún Iostanbúl, ciorrú ball giniúna ban, agus foréigean inscnebhunaithe ar líne; ***ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún foréigean inscnebhunaithe a aithint mar choir nua san Aontas faoi Airteagal 83(1) CFAE chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chomhrac;***

Leasú 86

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á chur i bhfáth gur cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt iad an comhionannas agus an neamh-idirdhealú, lena dtoirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, amhail gnéis, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach, chomh maith le meas ar éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga; ***á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di bearta idirdhealaitheacha ar fud na hEorpa i gcoinne grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine LADTIA+; ag iarraidh ar na Ballstáit a n-oibleagáidí a urramú go hiomlán; ag tathant ar an gCoimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh i gcásanna ina sáraítear an Chairt; á chur i bhfios go láidir go bhfuil bearnaí leanúnacha dlíthiúla agus sásraí forfheidhmithe laga ann; ag iarraidh ar an gComhairle teacht ar chomhaontú gan mhoill maidir leis an treoir chothrománach i gcoinne an idirdhealaithe;***	7. á chur i bhfáth gur cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt iad an comhionannas agus an neamh-idirdhealú, lena dtoirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, amhail gnéis, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach, chomh maith le meas ar éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga;

Leasú 87

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di bearta idirdhealaitheacha, chomh maith leis an bhfuathchaint agus an fhuathchoireacht, ar fud na hEorpa lena ndírítear ar dhaoine aonair i gcásanna leochaileacha, amhail leanaí, mná, pobail chiníocha agus eitneacha, baill den phobal LADTIA+, imircigh agus iarrthóirí tearmainn, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta; á

iarraidh ar an Aontas leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne an idirdhealaithe, na fuathchainte agus na gcoireanna fuatha atá dírithe ar ghrúpaí leochaileacha chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt do gach duine aonair;

Leasú 88
Mír 7 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7b. á chur in iúl gur saoth léi go leanann Ballstáit áirithe de dhlíthe agus beartais a chur chun feidhme nó a choinneáil ar bun lena mbaintear an bonn de chearta bunúsacha a bhunaítear leis an gCairt; ag cur béim láidir ar an bhfíoras go sáraíonn na cleachtais sin na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, meas ar dhínit an duine, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse comhthionóil, an tsaoirse chun faisnéis a fháil, comhionannas faoin dlí, neamh-idirdhealú, comhionannas, cearta an linbh, agus an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe;

Leasú 89

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7c. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na bearta idirdhealaitheacha a tugadh isteach i roinnt Ballstát faoi scáth an chomhraic in aghaidh 'bolscaireacht LADTIA' agus 'idé-eolaíocht inscne' mar a thugtar orthu; á

	chur i bhfáth nach mór don Choimisiún gníomhú go pras agus go cinntitheach nuair a théann na Ballstáit timpeall ar dhlí an Aontais, go háirithe an Chairt;

Leasú 90

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7d. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil idirdhealú fós á dhéanamh ar roinnt mionlach traidisiúnta náisiúnta agus teanga i réimsí príobháideacha agus poiblí laistigh den Aontas; á chur in iúl gur oth léi nach dtugtar aghaidh go leormhaith fós ar chur chun cinn na gceart agus na bprionsabal a bhaineann le mionlaigh thraidisiúnta náisiúnta agus teanga sna tuarascálacha bliantúla ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Cairte; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go gcumhdófar go cuimsitheach ina thuarascálacha gach cineál idirdhealaithe mar a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le cur chuige níos comhsheasmhaí atá bunaithe ar chearta bunúsacha maidir le cearta mionlaigh a chosaint laistigh de chóras dlí an Aontais agus comhionannas, urraim do chearta an duine, agus cearta daoine ar de mhionlaigh iad a threisiú mar chuid dá iarrachtaí níos leithne seasamh le luachanna bunaidh an Aontais;

Leasú 91

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7e. á chur in iúl gur cúis mhór imní di úsáid an steirilithe éigeantais i gcoinne

daoine faoi mhíchumas; á thabhairt chun suntais go bhfuil dlíthe náisiúnta lena gcumasaítear é sin fós ar neamhréir leis an gCairt; á mheabhrú nach bhfuil an leibhéal céanna ceart ag daoine faoi mhíchumas ina dhiaidh sin chun teaghlach a bhunú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as uirlisí agus as an reachtaíocht atá ann faoi láthair chun rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas agus a gceart chun dul i mbun oifig pholaitiúil a áirithiú;

Leasú 92

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7f. á chur in iúl gur saoth léi an easpa dul chun cinn atá déanta i mbeartais chomhionannais agus neamh-idirdhealaithe i roinnt Ballstát agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa cur chun feidhme maidir le dlíthe i gcoinne an idirdhealaithe; á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin chreataí an Aontais atá ann faoi láthair, amhail Treoir 2000/78/CE ón gComhairle, go bhfuil bearnaí fós sa chur chun feidhme, rud a fhágann nach bhfuil tacaíocht dhlíthiúil leormhaith ag íospartaigh;

Leasú 93

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7g. á mheabhrú go bhfuil sainordú agus freagracht ag an Aontas idirdhealú a chomhrac, mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus cóir

	chomhionann do chách a chur chun cinn; ag iarraidh ar na Ballstáit a n-oibleagáidí a urramú go hiomlán; ag tathant ar an gCoimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh i gcásanna ina sáraítear an Chairt agus dul i muinín nósanna imeachta brostaithe agus bearta eatramhacha a iarraidh os comhair CBAE ar bhealach córasach i gcásanna sáraithe; á chur i bhfios go láidir go bhfuil bearnaí leanúnacha dlíthiúla agus sásraí forfheidhmithe laga ann; ag iarraidh ar an gComhairle teacht ar chomhaontú gan mhoill maidir leis an treoir chothrománach i gcoinne an idirdhealaithe;

Leasú 94

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
8. á chur in iúl gur geal léi an straitéis nua um chomhionannas LADTIA+ 2026-2030 (COM(2025)0725) agus ag iarraidh ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta nó straitéisí náisiúnta nua LADTIA+ a athnuachan nó a ghlacadh chun tionscnaimh an Aontais a chomhlánú le bearta náisiúnta éifeachtacha;	8. á chur in iúl gur geal léi an straitéis nua um chomhionannas LADTIA+ 2026-2030 (COM(2025)0725) agus ag iarraidh ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta nó straitéisí náisiúnta nua LADTIA+ a athnuachan nó a ghlacadh chun tionscnaimh an Aontais a chomhlánú le bearta náisiúnta éifeachtacha ***agus staonadh ó thionscnaimh a chur chun cinn a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de chearta bhaill an phobail LADTIA+ nó a bhaineann an bonn go díreach díobh***;

Leasú 95

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
9. á thabhairt chun suntais go bhfuil	9. á thabhairt chun suntais go bhfuil

bacainní dlíthiúla ar aitheantas iomlán a thabhairt do chomhpháirtíochtaí comhghnéis agus do thuismíocht fós ann ar fud an Aontais agus go sáraíonn siad an Chairt, lena n-áirítear forálacha maidir le saorghluaiseacht daoine agus cearta an linbh, agus urraim do shaol an teaghlaigh; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ón ***gCoimisiún*** maidir le tuismíocht a aithint idir na Ballstáit; ag meabhrú shainordú Pharlaimint na hEorpa[10] lena dtacaítear le haitheantas a thabhairt do thuismíocht ar fud an Aontais, gan beann ar conas a ghintear leanbh, conas a bheirtear é nó í ná ar an saghas teaghlaigh atá aige nó aici; ag iarraidh ar an gComhairle na moltaí sin a chur chun feidhme go hiomlán agus cearta bunúsacha leanaí a chosaint, gníomhú ar mhaithe le leas an linbh, deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, agus an t-idirdhealú a chomhrac;	bacainní dlíthiúla ar aitheantas iomlán a thabhairt do chomhpháirtíochtaí comhghnéis agus do thuismíocht fós ann ar fud an Aontais agus go sáraíonn siad an Chairt, lena n-áirítear forálacha maidir le saorghluaiseacht daoine agus cearta an linbh, agus urraim do shaol an teaghlaigh***; á thabhairt dá haire gur sárú ar chearta an linbh iad na bacainní sin mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na cinntí sin ina gcuid d'fheachtais frith-LADTIA+ níos leithne i mBallstáit áirithe***; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ón ***gComhairle*** maidir le tuismíocht a aithint idir na Ballstáit; ag meabhrú shainordú Pharlaimint na hEorpa[10] lena dtacaítear le haitheantas a thabhairt do thuismíocht ar fud an Aontais, gan beann ar conas a ghintear leanbh, conas a bheirtear é nó í ná ar an saghas teaghlaigh atá aige nó aici; ag iarraidh ar an gComhairle na moltaí sin a chur chun feidhme go hiomlán agus cearta bunúsacha leanaí a chosaint, gníomhú ar mhaithe le leas an linbh, deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, agus an t-idirdhealú a chomhrac; ***á iarraidh an athuair ar an Aontas a áirithiú go dtabharfar aitheantas iomlán d'aontais chomhghnéis agus do phóstaí comhghnéis, i gcomhréir le cásdlí CBAE[1a];***
_____	_____
	1a ***https://infocuria.curia.europa.eu/tabs/document?source=document&text=&docid=306543&pageIndex=0&doclang=GA&mode=req&dir=&occ=first%E2%88%82%3D1&cid=15355674.***
[10] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2023 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú (IO C, C/2024/4201, 2.8.2024, ELI:	[10] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2023 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú (IO C, C/2024/4201, 2.8.2024, ELI:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202404201).

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202404201).

Leasú 96
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. á chur i bhfios go láidir go sáraíonn easpa nósanna imeachta dlíthiúla maidir le haitheantas inscne cearta bunúsacha; ag tathant ar na Ballstáit uile aitheantas dlíthiúil ar fhéiniúlacht inscne a ráthú i ndoiciméid oifigiúla agus an ceart chun féinchinntiúcháin, aitheantas frithpháirteach ar fhéiniúlacht inscne a áirithiú, agus sonraí pearsanta a chosaint[11] ; ag cáineadh cleachtais tiontúcháin mar sháruithe ar chearta bunúsacha; ag tathant ar an gCoimisiún dul i ngleic leo le gníomhaíochtaí nithiúla, smachtbhannaí éifeachtacha agus feachtais múscailte feasachta, agus an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach' á chur san áireamh freisin***;***	10. á chur i bhfios go láidir go sáraíonn easpa nósanna imeachta dlíthiúla maidir le haitheantas inscne cearta bunúsacha; ag tathant ar na Ballstáit uile aitheantas dlíthiúil ar fhéiniúlacht inscne a ráthú i ndoiciméid oifigiúla agus an ceart chun féinchinntiúcháin, aitheantas frithpháirteach ar fhéiniúlacht inscne a áirithiú, agus sonraí pearsanta a chosaint[11]; ***á iarraidh go ndéanfaí beartais chuimsitheacha atá bunaithe ar chearta an duine a fhorfheidhmiú;*** ag cáineadh cleachtais tiontúcháin***, eadhon cleachtais atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne duine a athrú nó a chur faoi chois,*** mar sháruithe ar chearta bunúsacha; ag tathant ar an gCoimisiún dul i ngleic leo le gníomhaíochtaí nithiúla***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí reachtacha i gcás inar gá***, smachtbhannaí éifeachtacha agus feachtais múscailte feasachta, agus an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal 'Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach' á chur san áireamh freisin;

[11] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 13 Márta 2025, C-247/23, ECLI:EU:C:2025:172; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 9 Eanáir 2025, C-394/23, ECLI:EU:T:2025:2; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Deireadh Fómhair, 2024, C-4/23, ECLI:EU:C:2024:845.

[11] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 13 Márta 2025, C-247/23, ECLI:EU:C:2025:172; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 9 Eanáir 2025, C-394/23, ECLI:EU:T:2025:2; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Deireadh Fómhair, 2024, C-4/23, ECLI:EU:C:2024:845.

Leasú 97

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	10a. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus saintréithe gnéis a áireamh go sainráite mar fhorais chosanta in aon reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe agus beartais a fhorbairt lena gceadófar do dhaoine idirghnéasacha agus neamhdhénártha doiciméid a bheith acu a léiríonn a bhféiniúlacht i gcomhréir le hiarrataí na Parlaiminte roimhe seo agus le cásdlí ábhartha CBAE;

Leasú 98

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. á thabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún agus FRA araon méadú scanrúil ar choireanna fuatha agus ar fhuathchaint; á chur in iúl gur saoth léi go mór scaipeadh na fuathchoireachta agus na fuathchainte; á chur i bhfios go láidir gur bagairt thromchúiseach é ar urraim do chearta bunúsacha; á thabhairt chun suntais nach bhfuil reachtaíocht chuimsitheach de chuid an Aontais ann lena dtabharfaí aghaidh air; ***ag tathant ar na Ballstáit cinneadh a ghlacadh chun an fhuathchaint agus coireanna fuatha a áireamh i measc na gcionta coiriúla a liostaítear faoi Airteagal 83(1) CFAE; ag tathant ar an gCoimisiún féachaint ar roghanna breise laistigh de na réimsí coireachta atá ann cheana chun reachtaíocht a mholadh atá dírithe ar an bhfuathchaint agus ar choireanna fuatha a chomhrac, lena n-áirítear ar fhorais na féiniúlachta inscne agus an treoshuímh***	11. Ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún agus FRA araon méadú scanrúil ar choireanna fuatha agus ar fhuathchaint ***atá dírithe ar dhaoine aonair i roinnt Ballstát, rud atá níos measa mar gheall ar reitric pholaitiúil agus forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe ábhartha; á thabhairt chun suntais gur theip ar roinnt Ballstát coireanna fuatha a ionchúiseamh go héifeachtach nó tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil d'íospartaigh, rud a bhaineann an bonn den mhuinín as córais bhreithiúnacha agus a fhágann nach ndéantar urraim do chearta bunúsacha a áirithiú***; á chur in iúl gur saoth léi go mór scaipeadh na fuathchoireachta agus na fuathchainte***, lena n-áirítear ar líne agus nuair a scaipeann údaráis phoiblí iad***; á chur i bhfios go láidir gur bagairt thromchúiseach é ar urraim do chearta bunúsacha; á thabhairt chun suntais nach bhfuil reachtaíocht

ghnéasaigh;	chuimsitheach de chuid an Aontais ann lena dtabharfaí aghaidh air;

Leasú 99

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11a. ag cáineadh go láidir theacht chun cinn an fhrithsheimíteachais san Aontas, chomh maith le haon chineál eile cogaíochta agus foréigin i gcoinne pobail reiligiúnacha, lena n-áirítear ionsaithe ar ionaid adhartha agus oideachais, ciapadh mac léinn, agus tréigean leachtanna cuimhneacháin an Uileloiscthe; á chur in iúl gur cúis mhór imní di gníomhartha frithsheimíteacha atá ag dul in olcas agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú agus céimeanna iomchuí a ghlacadh chun an frithsheimíteachas a chomhrac agus lánurraim á tabhairt don Chairt;

Leasú 100

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11b. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil méadú ag teacht ar an idirdhealú, chomh maith leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht, ar líne agus as líne araon, ar fud an Aontais, agus ag cáineadh go láidir an fhíorais sin; á thabhairt chun suntais gur gá gach cineál idirdhealaithe san Aontas a chomhrac, lena n-áirítear cineálacha leanúnacha idirdhealaithe amhail ioslamafóibe agus

	frithghiofógachas agus sonraí a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar theagmhais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne an bhorrtha sin; á iarraidh, thairis sin, go neartófaí cosaint daoine atá i mbaol íospartha fuathspreagtha;

Leasú 101

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11c. ag tathant ar na Ballstáit, thairis sin, cinneadh a ghlacadh chun an fhuathchaint agus coireanna fuatha a áireamh i measc na gcionta coiriúla a liostaítear faoi Airteagal 83(1) CFAE; ag tathant ar an gCoimisiún féachaint ar roghanna breise laistigh de na réimsí coireachta atá ann faoi láthair chun reachtaíocht a mholadh atá dírithe ar an bhfuathchaint agus ar choireanna fuatha a chomhrac, lena n-áirítear ar fhorais na féiniúlachta inscne, an ghnéaschlaonta agus na saintréithe gnéis;

Leasú 102

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
12. á iarraidh go mbeadh coimircí éifeachtacha ann ***do*** spás sábháilte ar líne***, agus chun fuath, idirdhealú agus bréagaisnéis*** **a chomhrac**; á chur i bhfios go láidir go mbaineann ***siad*** an bonn de dhínit an duine, den tslándáil agus den rannpháirtíocht dhaonlathach; á iarraidh go ndéanfadh an tAontas gníomhaíocht nithiúil i gcoinne scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne; á iarraidh go	12. á iarraidh go mbeadh coimircí éifeachtacha ann **chun** spás sábháilte ar líne ***a áirithiú;*** á chur i bhfios go láidir go mbaineann ***coireacht fuatha, fuathchaint, idirdhealú agus mífhaisnéis*** an bonn de dhínit an duine, den tslándáil agus den rannpháirtíocht dhaonlathach ***agus á mheabhrú gurb iad mná agus grúpaí leochaileacha na spriocanna is minice a bhíonn ann[1a];*** á iarraidh go ndéanfadh an

ndéanfaí beartais an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán chun cearta daoine aonair a chosaint;	tAontas gníomhaíocht nithiúil i gcoinne scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne; á iarraidh ***ar na Ballstáit, thairis sin, a áirithiú*** go **ndéanfar** beartais an Aontais **amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán** a chur chun feidhme go hiomlán **agus i gceart** chun cearta daoine aonair a chosaint;
	[1a] Tuarascáil FRA dar teideal ‘Online Content Moderation — Current challenges in detection hate speech’ [Modhnóireacht Ábhair ar Líne — Dúshláin reatha maidir le fuathchaint a bhrath], 2023.

Leasú 103

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	12a. á chur in iúl gur geal léi an méadú atá tagtha ar uirlisí rannpháirtíochta digití agus á iarraidh go mbainfí úsáid níos leithne astu chun rannpháirtíocht na saoránach a neartú, ar choinníoll go mbeidh coimircí láidre i bhfeidhm chun príobháideachas, cosaint sonraí agus rochtain chomhionann a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar nuálaíocht theicneolaíoch, lena n-áirítear an intleacht shaorga, a fhorbairt agus a chur chun úsáide ar bhealach lena n-urramófar an Chairt go hiomlán, lena gcuirfear trédhearcacht chun cinn, agus lena dtreiseofar cearta bunúsacha seachas ar bhealach lena mbainfear an bonn díobh;

Leasú 104

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ***ndéanfar*** an Chairt, an ceart chun tearmainn ***agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcaighdeán dá bhforáiltear le dlí an Aontais a urramú go hiomlán i réimse an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn***; ***á mheabhrú a thábhachtaí atá sé measúnuithe tionchair córasacha ar chearta bunúsacha a dhéanamh;*** ag ***cáineadh*** aon sáruithe ar chearta bunúsacha, srianta gan údar ar chearta agus saoirsí aonair, lena n-áirítear íde atá mídhaonna nó táireach;	13. ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ***n-urramófar go hiomlán*** an Chairt, ***lena n-áirítear*** an ceart chun tearmainn ***mar a ráthaítear faoi Airteagal 18 den Chairt, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 agus Prótacal an 31 Eanáir 1967 a bhaineann le stádas dídeanaithe, agus i gcomhréir leis na Conarthaí agus le reachtaíocht an Aontais***; ag ***tathant ar na Ballstáit a n-oibleagáidí a chomhlíonadh chun*** aon sáruithe ar chearta bunúsacha agus srianta gan údar ar chearta agus saoirsí aonair ***a chosc***, lena n-áirítear íde atá mídhaonna nó táireach;

Leasú 105

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13a. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cosaint chearta na n-imirceach, na ndídeanaithe agus na n-iarrthóirí tearmainn a áirithiú a thuilleadh, lena n-áirítear trí dhálaí glactha daonnachtúla agus díniteacha agus nósanna imeachta um fhilleadh, nósanna imeachta cothroma agus rochtain ar chúnamh dlíthiúil, i gcomhréir iomlán leis an gCairt;

Leasú 106

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	15a. á iarraidh ar institiúidí AE dul i mbun idirphlé le Comhairle na hEorpa

agus le rialtais náisiúnta chun a áirithiú go leanfaidh cosaint chearta an duine de bheith éifeachtach; á mheabhrú nach mór foráil a dhéanamh sa dlí maidir le haon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt agus nach mór bunbhrí na gceart agus na saoirsí sin a urramú;

Leasú 107

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	15b. á iarraidh go n-áiritheofaí fíor-chomhionannas inscne i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa a chumhdaítear in Airteagal 31 den Chairt a chosaint, i gcomhréir le prionsabal 6 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus ar an gcaoi sin cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus rioscaí bochtaineachta a chomhrac;

Leasú 108

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
16. ag tathant ar na Ballstáit an Chairt a chur chun feidhme go hiomlán agus á chur i bhfáth go bhfuil sé d'oibleagáid orthu cur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta; á iarraidh ***go mbeadh modúil oiliúna spriocdhírithe ann maidir le cur chun feidhme na Cairte do riaracháin náisiúnta, do na breithiúna agus do reachtóirí***; ***á chur in iúl gur geal léi malartuithe trasteorann chun comhroinnt fhrithpháirteach agus dea-***	16. ***á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil tearcúsáid á baint as an gCairt fós in imeachtaí intíre os comhair cúirteanna náisiúnta; á mheabhrú nach mór an Chairt a chur i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt don Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don tábhacht a bhaineann le Cairt Shóisialta na hEorpa agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;*** ag tathant ar

chleachtais a chothú; á iarraidh go mbeadh feachtais múscailte feasachta ann arb é is aidhm dóibh a chur ar chumas daoine aonair úinéireacht iomlán a ghlacadh ar a gcearta;	na Ballstáit an Chairt a chur chun feidhme go hiomlán ***a oiread agus is féidir*** agus á chur i bhfáth go bhfuil sé d'oibleagáid orthu cur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta; á iarraidh ***ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit chun a áirithiú go n-úsáidfear an Chairt i gcúirteanna intíre ar fud an Aontais***;

Leasú 109

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16a. á iarraidh go mbeadh modúil oiliúna spriocdhírithe agus éigeantacha ann maidir le cur chun feidhme na Cairte do riaracháin náisiúnta, do na breithiúna agus do reachtóirí; á chur in iúl gur geal léi malartuithe trasteorann chun comhroinnt fhrithpháirteach faisnéise agus dea-chleachtais a chothú; á iarraidh go mbeadh feachtais múscailte feasachta ann arb é is aidhm dóibh a chur ar chumas daoine aonair úinéireacht iomlán a ghlacadh ar a gcearta; á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis shoiléir agus phraiticiúil a scaipeadh maidir le cathain agus conas a chuirtear an Chairt i bhfeidhm agus cathain agus conas is féidir le saoránaigh sásamh a lorg; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheasacht an phobail ar an gCairt trí shuirbhéanna Eorabharaiméadair a dhéanfar amach anseo agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart múscailte feasachta;

Leasú 110

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16b. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an easpa measúnuithe tionchair córasacha a rinneadh sular ghlac an Coimisiún tograí reachtacha; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé measúnuithe tionchair córasacha ar chearta bunúsacha a dhéanamh i réimse na ngnóthaí baile; á iarraidh go ndéanfaí measúnú, ar bhealach níos comhleanúnaí agus níos cuimsithí, ar chomhlíonadh na gceart bunúsach agus luachanna eile an Aontais ar fud an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún, ina leith sin, a oibleagáidí a chomhlíonadh agus measúnuithe tionchair críochnúla ar chearta bunúsacha a dhéanamh agus togra reachtach á fhorbairt, á chur chun feidhme agus á athbhreithniú nó faoi chuimsiú comhaontuithe idirnáisiúnta; á iarraidh go mbeadh FRA rannpháirteach;

Leasú 111

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
17. ag tathant ar an gCoimisiún an Chairt agus dlíchóras an Aontais a choimirciú trí leas iomlán a bhaint as nósanna imeachta um shárú; ag iarraidh ar an gCoimisiún cosaint chomhsheasmhach agus éifeachtach ar chearta bunúsacha agus ar luachanna an Aontais a áirithiú trí shamhail forfheidhmithe riailbhunaithe agus chórasach a thabhairt isteach chun dul i ngleic le sáruithe ar an gCairt, ar na Conarthaí agus ar dhlí an Aontais;	17. ag tathant ar an gCoimisiún an Chairt agus dlíchóras an Aontais a choimirciú, ***go háirithe*** trí ***dhlúthfhaireachán cruinn a dhéanamh ar staid na comhlíontachta le rialuithe CBAE agus ECtHR atá nasctha le saincheisteanna maidir le cearta bunúsacha, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an neamhchomhlíonta agus chun gníomhaíocht a dhéanamh; ag tathant, thairis sin, ar an gCoimisiún*** leas iomlán a bhaint as ***na huirlisí forfheidhmiúcháin uile atá ar fáil, lena n-áirítear*** nósanna imeachta um shárú ***agus brú airgeadais, chun aghaidh a thabhairt ar an gcás nach ndéanann na Ballstáit breithiúnais CBAE a chur chun feidhme, agus breithiúnais ghaolmhara ECtHR á***

ngiaráil mar fhianaise bhreise; ag iarraidh ar an gCoimisiún cosaint chomhsheasmhach agus éifeachtach ar chearta bunúsacha agus ar luachanna ***eile*** an Aontais ***a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE*** a áirithiú trí shamhail forfheidhmithe riailbhunaithe agus chórasach a thabhairt isteach chun dul i ngleic le sáruithe ar an gCairt, ar na Conarthaí agus ar dhlí an Aontais;

Leasú 112

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17a. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag institiúidí an Aontais, go háirithe ag an bParlaimint, maidir lena áirithiú go gcomhlíonann reachtaíocht uile an Aontais an Chairt go hiomlán ag gach céim den phróiseas reachtach, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte laistigh de chomhlachtaí an Aontais agus ag na Ballstáit araon; ag spreagadh comhar níos dlúithe idir an tAontas agus na parlaimintí náisiúnta trí idirphlé idirpharlaiminteach agus sásraí grinnscrúdaithe comhpháirteacha, chun cur chun feidhme comhsheasmhach na Cairte a chur chun cinn agus chun maoirseacht dhaonlathach ar chosaint na gceart bunúsach ar fud an Aontais a neartú;

Leasú 113

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	17b. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór faireachán ar chomhlíonadh na

	Cairte a bheith ina dhlúthchuid de bhosca uirlisí an Aontais maidir leis an smacht reachta agus nach mór é a léiriú go hiomlán ina obair leantach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásra bliantúil an smachta reachta a neartú trí tháscairí a bhaineann leis an gCairt a chomhtháthú a thuilleadh, rud lena n-áiritheofar obair leantach ar mholtaí, agus lena bhfeabhsófar an t-idirphlé le páirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

Leasú 114
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
18. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá CBAE maidir le hurraim cheart don Chairt a áirithiú; á mheabhrú gur oibleagáid cheangailteach ar na Ballstáit é breithiúnais CBAE a chur chun feidhme go haonfhoirmeach agus go tráthúil; ***ag iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme bhreithiúnais CBAE trí úsáid a bhaint as uirlisí níos trédhearcaí, leas iomlán a bhaint as imeachtaí um shárú, agus a iarraidh go gcuirfear bearta eatramhacha i bhfeidhm nuair is gá***;	18. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá CBAE ***agus ECtHR*** maidir le hurraim cheart don Chairt a áirithiú; á mheabhrú gur oibleagáid cheangailteach ar na Ballstáit é breithiúnais CBAE a chur chun feidhme go haonfhoirmeach agus go tráthúil; ***á chur i bhfios go láidir go mbeifear in ann plé níos eolaí a dhéanamh ar mhéid an neamhchomhlíonta trí shonraí a bhailiú ar bhealach níos cuimsithí agus níos spriocdhírithe maidir le comhlíonadh rialuithe CBAE agus ECtHR ag na Ballstáit***;

Leasú 115

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18a. á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar bhailiú feabhsaithe sonraí agus é a áirithiú, chomh maith le faireachán sistéamach agus domhain agus obair leantach ar chur chun feidhme bhreithiúnais CBAE

agus ECtHR, go háirithe breithiúnais seachas na breithiúnais sin a eascraíonn as nósanna imeachta um shárú; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, leas iomlán a bhaint as imeachtaí um shárú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí níos trédhearcaí, chomh maith lena iarraidh go gcuirfí nósanna imeachta brostaithe agus bearta eatramhacha i bhfeidhm nuair is gá; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú na sonraí inchomparáide agus imdhealaithe is gá chun beartais fhianaisebhunaithe a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar idirdhealú, ar neamhionannas agus ar sháruithe ar chearta bunúsacha;

Leasú 116

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18b. á iarraidh ar na Ballstáit breithiúnais CBAE agus ECtHR atá ar feitheamh a chur chun feidhme go pras; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme rialuithe CBAE agus ECtHR a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha i dtíortha an Aontais le critéir oibiachtúla agus bearta leantacha soiléire; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, a thorthaí a chomhtháthú go hiomlán sna tuarascálacha bliantúla ar an smacht reachta;

Leasú 117

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18c. á iarraidh ar an gCoimisiún a

	áirithiú gur féidir cistiú ón Aontas a úsáid freisin do thionscnaimh chun cur chun feidhme bhreithiúnais ECtHR agus CBAE a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tacaíochta ag ESSanna maidir le cur chun feidhme na mbreithiúnas sin a chur chun cinn;

Leasú 118

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag comhlachtaí comhionannais maidir le cur chun feidhme na Cairte sna Ballstáit a áirithiú agus a mheasúnú; ag iarraidh ar na Ballstáit neamhspleáchas, cumhachtaí agus acmhainní na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú i gcomhréir leis na treoracha a glacadh le déanaí maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais[13] ;	20. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ***ag institiúidí náisiúnta um chearta an duine,*** ag comhlachtaí comhionannais ***agus ag institiúidí ombudsman*** maidir le cur chun feidhme na Cairte sna Ballstáit a áirithiú agus a mheasúnú***, lena n-áirítear coinníollacha cumasúcháin cothrománacha na Cairte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, chomh maith le léirmhíniú níos comhsheasmhaí ar an gCairt a chur chun cinn***; ag iarraidh ar na Ballstáit neamhspleáchas, cumhachtaí agus acmhainní na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú i gcomhréir leis na treoracha a glacadh le déanaí maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais[13] ;
[13] Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE (IO L, 2024/1499,	[13] Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE (IO L, 2024/1499,

29.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401499 agus Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus na ndeiseanna comhionanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401500).

29.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401499 agus Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus na ndeiseanna comhionanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202401500).

Leasú 119

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20a. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistiú leormhaith a áirithiú do chomhlachtaí comhionannais, d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus d'institiúidí ombudsman agus a bheith rannpháirteach chun a áirithiú go ndéanfar cistí an Aontais a dhearadh, a bhainistiú agus go ndéanfar faireachán orthu ar bhealach lena n-urramaítear cearta bunúsacha agus lena gcuirtear chun cinn iad;

Leasú 120

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20b. á mheabhrú go mbaineann cur i bhfeidhm na Cairte freisin le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile (CGB), lena n-áirítear Frontex agus Europol; á iarraidh ar ghníomhaireachtaí

	CGB an Chairt a chomhlíonadh go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na Cairte ag gníomhaireachtaí an Aontais agus a thorthaí a áireamh i meastóireachtaí ar na gníomhaireachtaí, lena n-áirítear sa mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnuithe a dhéanamh;

Leasú 121

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 20 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	20c. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag réigiúin, bardais agus cathracha maidir le cearta bunúsacha a chaomhnú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis na húdaráis áitiúla cearta a aistriú ina gcleachtas laethúil agus saoránaigh a chumhachtú, ag tógáil ar thuarascáil FRA dar teideal 'Human rights cities in the EU – A framework for reinforcing rights locally' [Cathracha um chearta an duine san Aontas Eorpach — Creat chun cearta a threisiú go háitiúil];

Leasú 122

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. á chur i bhfáth go bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine ríthábhachtach i gcur chun cinn agus i gcosaint na Cairte; ***á iarraidh go gcuirfidh an tAontas cistiú comhsheasmhach agus leordhóthanach ar fáil don tsochaí shibhialta***; ***ag cáineadh aon srianta nó ionsaithe dlíthiúla, agus úsáid iomarcach fornirt i mBallstáit***	21. á chur i bhfáth go bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine ríthábhachtach i gcur chun cinn agus i gcosaint na Cairte; ***á mheabhrú, de réir Airteagal 11(2) CAE, nach mór d'institiúidí AE idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta a choinneáil ar bun le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí***

áirithe, a bhaineann an bonn de shaoirse comhlachais, tionóil agus cainte;	***shibhialta; á chur i bhfáth, go háirithe, i ndáil leis sin, gur réamhriachtanas é rochtain ar chistiú struchtúrach chun rannpháirtíocht phoiblí a áirithiú; ag meabhrú thiomantas an Choimisiúin ina threoirlínte polaitiúla dlús a chur lena rannpháirtíocht le ESSanna a bhfuil saineolas acu agus a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le saincheisteanna sochaíocha sonracha a chosaint agus cearta bunúsacha a chaomhnú; á mheabhrú, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí gur féidir le ESSanna, go háirithe trí chistiú ón Aontas, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí amhail gníomhaíochtaí abhcóideachta, taispeántais, cur chun cinn agus cosaint an spáis shibhialta, iriseoireacht iniúchach nó gníomhaíochtaí breithiúnacha, agus gur cheart na gníomhaíochtaí sin a leanúint de bheith incháilithe sna cláir chistiúcháin ábhartha agus go gcuirfí cistiú tiomnaithe leordhóthanach ar fáil dóibh***;

Leasú 123

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21a. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go leithdháilfear acmhainní airgeadais comhsheasmhacha agus leormhaithe don tsochaí shibhialta;

Leasú 124

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21b. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé saoirse agus iolrachas

na meán a chosaint mar chomhpháirteanna bunriachtanacha den smacht reachta agus á chur i bhfáth gur gá iriseoirí a chosaint ar bhagairtí, ar SLAPPanna agus ar bhrú a bhfuil cuspóir polaitiúil leis; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht dhaingean i gcoinne aon sárú ar chearta bunúsacha, go háirithe an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais, chomh maith leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus go mbainfí úsáid iomlán as ionstraimí uile an Aontais atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar aon sárú ar dhlí agus ar luachanna an Aontais; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an timpeallacht dhlíthiúil don tsochaí shibhialta trína áirithiú go saothrófar ceann de na haidhmeanna dlisteanacha faoi Airteagal 11(2) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine le haon bheart lena gcuirtear srian ar cheart na gcomhlachas acmhainní a lorg, a fháil agus a úsáid, lena n-áirítear acmhainní eachtracha;

Leasú 125

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. á iarraidh go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ag comhlachtaí an Aontais agus náisiúnta leis an tsochaí shibhialta, le parlaimintí náisiúnta agus le páirtithe leasmhara eile chun trédhearcacht agus cuimsitheacht a fheabhsú i gcur i bhfeidhm na Cairte; á chur i bhfáth go bhfuil idirphlé a mbeidh bonn leathan leis agus cuir chuige rannpháirteacha bunriachtanach chun dúshláin a bhaineann le cearta a shainaithint agus leigheasanna éifeachtacha a áirithiú; á chur i bhfios go neartaíonn an rannpháirtíocht il-pháirtithe leasmhara seo dlisteanacht agus cuntasacht dhaonlathach, ag neartú ***féiniúlacht*** an Aontais mar	22. á iarraidh go mbeadh níos mó rannpháirtíochta ***agus rannpháirtíocht níos córasaí*** ag comhlachtaí an Aontais agus náisiúnta leis an tsochaí shibhialta, le parlaimintí náisiúnta agus le geallsealbhóirí eile chun trédhearcacht agus cuimsitheacht a fheabhsú i gcur i bhfeidhm na Cairte ***agus chun a cur chun feidhme iomlán agus a léirmhíniú comhsheasmhach a áirithiú***; á chur i bhfáth go bhfuil idirphlé a mbeidh bonn leathan leis agus cuir chuige rannpháirteacha bunriachtanach chun dúshláin a bhaineann le cearta a shainaithint agus leigheasanna éifeachtacha a áirithiú; á chur i bhfios go neartaíonn an

Aontas atá bunaithe ar luachanna comhroinnte agus ar urraim do chearta an duine;	rannpháirtíocht il-pháirtithe leasmhara seo dlisteanacht agus cuntasacht dhaonlathach, ag neartú ***chreidiúnacht*** an Aontais mar Aontas atá bunaithe ar luachanna comhroinnte agus ar urraim do chearta an duine;

Leasú 126

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	22a. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil neamhaird tugtha ag an gCoimisiún ar iarrataí an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) a choinneáil ar bun agus a neartú mar chlár neamhspleách agus le cistiú méadaithe sa chéad creat airgeadais ilbhliantúil eile; á mheabhrú a thábhachtaí atá clár CERV maidir le cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine, go háirithe trí thacú le ESSanna atá gníomhach ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta, agus trí rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh, chun sochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh; á mheas nach mór do chlár nua AgoraEU coimircí a chur ar fáil lena léireofar ar a laghad an leibhéal uaillmhéine céanna le clár CERV;

Leasú 127

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
23. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ***ag moladh don Choimisiún*** an tuairim dhlíthiúil ó CBAE a iarraidh go pras chun an próiseas aontachais a thabhairt chun críche; á chur i bhfáth go bhfuil an chéim sin bunriachtanach chun creat dlíthiúil an Aontais a ailíniú leis na caighdeáin is airde maidir le cosaint chearta an duine;	23. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus ***ag tathant ar an gCoimisiún chun*** an tuairim dhlíthiúil ó CBAE a iarraidh go pras chun an próiseas aontachais a thabhairt chun críche; á chur i bhfáth go bhfuil an chéim sin bunriachtanach chun creat dlíthiúil an Aontais a ailíniú leis na caighdeáin is airde maidir le cosaint chearta an duine;

Leasú 128

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 23 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	23a. á athdhearbhú gur gá sásra AE maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a bhunú agus scórchlár a bhunú a bheidh tiomnaithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme bhreithiúnais uile CBAE agus ECtHR a bhaineann leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha;

Leasú 129

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 24

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
24. ag iarraidh ar an gComhairle Eorpach athbhreithniú na gConarthaí a thionscnamh agus raon feidhme na Cairte a leathnú trí Airteagal 51(1) ***CAE*** a athbhreithniú chun cosaint uilíoch agus neamhchoinníollach ar chearta bunúsacha i gcreat an Aontais Eorpaigh a ráthú;	24. ag iarraidh ar an gComhairle Eorpach athbhreithniú na gConarthaí a thionscnamh agus raon feidhme na Cairte a leathnú trí Airteagal 51(1) ***den Chairt*** a athbhreithniú chun cosaint uilíoch agus neamhchoinníollach ar chearta bunúsacha i gcreat an Aontais Eorpaigh a ráthú;

Leasú 130

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 24 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	24a. á iarraidh go neartófaí cur chun feidhme Airteagal 51 den Chairt trí ailíniú iomlán a áirithiú idir cúirteanna an Aontais agus cúirteanna náisiúnta chun cosaint éifeachtach na gceart bunúsach a ráthú ar gach leibhéal;

Leasú 131

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 24 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	24b. á iarraidh go neartófaí cur chun feidhme Airteagal 51(1) den Chairt trína fhágáil go dtugann na cearta a chumhdaítear inti cosaint do dhaoine aonair aon uair a ghníomhaíonn na Ballstáit laistigh de raon feidhme inniúlachta de chuid an Aontais, bíodh sé sin laistigh de raon feidhme inniúlachta eisiach nó comhroinnte, fiú mura bhfuil inniúlacht den sórt sin feidhmithe ag an Aontas go fóill;

Leasú 132
Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
25. á iarraidh go gcuirfí inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus tréithe gnéis san áireamh go sainráite in Airteagal 21(1) den Chairt chun dul i ngleic go cuimsitheach le hidirdhealú;	***scriosta***

Leasú 133

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
26. á iarraidh go n-áireofar in Airteagal 37 den Chairt spriocanna aeráide an Aontais arna mbunú le Dlí Aeráide na hEorpa[14];	***scriosta***
[14] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R1119).	

Leasú 134

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
27. á iarraidh go mbunófaí FRA mar údarás neamhspleách um chearta an duine, le neamhspleáchas oibríochtúil níos mó chun gníomhaíochtaí a thionscnamh chun dul i ngleic le sáruithe ar an gCairt;	27. ***á thabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag FRA maidir le tacú le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint laistigh den Aontas agus á thabhairt chun suntais go bhfuil luach ag baint lena rannchuidiú leanúnach; á iarraidh go neartófaí cumas FRA cabhrú le cearta, luachanna agus saoirsí na Cairte a choimirciú;*** á iarraidh go mbunófaí FRA mar údarás neamhspleách um chearta an duine, le neamhspleáchas oibríochtúil níos mó chun gníomhaíochtaí a thionscnamh chun dul i ngleic le sáruithe ar an gCairt; ***á iarraidh go gcabhródh FRA leis an gCoimisiún cur chuige***

	aonfhoirmeach a fhorbairt maidir le caighdeáin um chearta bunúsacha a chur i bhfeidhm maidir le cistiú an Aontais, chomh maith le critéir shonracha chun cistí a fháil agus treoirlínte faireacháin;

Leasú 135

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	28a. á chur i bhfios go láidir gur gá foráil a dhéanamh maidir le cineálacha córasacha comhairliúcháin le comhlachtaí agus institiúidí a bhfuil saineolas acu ar chearta bunúsacha i gcoitinne agus ar an gCairt go háirithe; ag tagairt, ina leith sin, do FRA agus do chomhlachtaí ábhartha Chomhairle na hEorpa agus na Náisiún Aontaithe;

Leasú 136

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	28b. á iarraidh go mbeadh rochtain níos leithne agus níos éifeachtaí ar leigheasanna dlí ann do gach saoránach, go háirithe i gcás ina bhfuil bacainní roimh bhreithiúna náisiúnta maidir le hiarrataí ar réamhrialú a thíolacadh — amhail sna Ballstáit faoi imeachtaí Airteagal 7 CAE — nó i gcás ina mbaineann dúshláin le gníomhartha neamhreachtacha arna ndéanamh ag institiúidí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí an Aontais; á chur i bhfios go láidir, dá n-éascófaí rochtain ar CBAE, go neartófaí an t-idirphlé breithiúnach, go n-áiritheofaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, agus go bhfeabhsófaí cosaint na gceart

bunúsach ar fud an Aontais;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuairime, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas[1], lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
ILGA-Europe
Liberties
Bridge EU
Save the Children

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara um thuairim ina cáil mar rapóirtéir don tuairim.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021Q0611(01)).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	27.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 45 —: 24 0: 5

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

45	+
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Na Daonlathaithe Críostaí) (PPE)	Magdalena Adamowicz, Caterina Chinnici, Paulo Cunha, Lena Düpont, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Liudas Mažylis, Verena Mertens, Ana Miguel Pedro, Tomas Tobé, Pekka Toveri, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Marta Wcisło, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
An Grúpa Renew	Abir Al-Sahlani, Barry Andrews, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Anna-Maja Henriksson, Fabienne Keller, Nathalie Loiseau, Nikola Minchev, Dainius Žalimas
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Annalisa Corrado, Jonás Fernández, Isilda Gomes, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Pierfrancesco Maran, Matjaž Nemec, Aodhán Ó Ríordáin, Sandro Ruotolo, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Alessandro Zan
an Grúpa Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Mélissa Camara, Alice Kuhnke, Katrin Langensiepen, Tineke Strik

24	-
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	Sergio Berlato, Stefano Cavedagna, Alessandro Ciriani, Alberico Gambino, Paolo Inselvini, Mariusz Kamiński, Nicola Procaccini, Charlie Weimers
ESN	Mary Khan, Milano Uhrík, Petar Volgin
NI	Erik Kaliňák
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Na Daonlathaithe Críostaí) (PPE)	Christophe Gomart, Branko Grims, Nadine Morano
PfE	Tomasz Buczek, Jaroslav Bžoch, Marieke Ehlers, Petra Steger, Hermann Tertsch, Matthieu Valet, Tom Vandendriessche, Roberto Vannacci, Alexandre Varaut

5	0
The Left	Giuseppe Antoci, Konstantinos Arvanitis, Damien Carême, Özlem Demirel, Gaetano Pedulla'

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh ó vótáil